



# Gaeilscoil Thaobh na Coille

25/02/2016

1916 - Lá an Fhorógra Proclamation Day



Páistí Óga c. 1913



Páistí Scoile 1923 - Scoil Náisiúnta Sráid Ghairdinéir, BÁC 1

Ar an Mháirt an 15 Márta 2016 eagrófar searmanas speisialta ceiliúrtha mar chomórath ar Éirí Amach 1916 i ngach bunscoil sa tír. Léifear Forógra na Poblachta agus crochfar an an Bhritach Náisiúnta ag an searmanas seo. Mar cheiliúradh ar an lá speisialta seo ba bhreá linn dá dtiocfadh páistí uile na scoile ar scoil gléasta in éadaí na linne sin. Beidh an searmanas ar siúl ag 9.30am an mhaidin sin agus mairfidh sé thart ar 30 nóiméad. Tá fáilte roimh thuismitheoirí a bheith i láthair má tá siad saor agus bheadh sé iontach dá mbeadh na thuismitheoirí gléasta in éadaí na linne freisin! Marsin tosaig ag cuardadh tá coicís agaibh le sibh féin a réiteach!

*A special Proclamation Day Ceremony will be held in every primary school in the country on Tuesday the 15th of March 2016. During this ceremony the 1916 Proclamation will be read and the National Flag will be raised. In celebration of this special day we would love it if all the pupils came to school on that day dressed in the attire of the day. The ceremony will take place at 9.30am that morning and it will last approximately 30 minutes. Parents are more than welcome to join us on the day if they are free to do so and it would be wonderful if they too could come dressed in the clothing of the time! Time to go rooting for clothing - you have a fortnight to get sorted!*

## G-Theachtairacht G-Message

Ba bhreá linn mar chuid d'imeachtaí na scoile do sheachtain na Gaeilge dá ndéanfadh pobal na scoile an fón a fhreagairt le beannacht i nGaeilge ie "Dia dhuit", "Conas atá tú?" etc. agus na teachtaireacht fón atá ar an bhfón póca a bheith i nGaeilge ie "Máire anseo, níl mé ar fáil, fág teachtaireacht", "Brón orm, tá mé gafa, fág teachtaireacht", "Dia dhuit Seán anseo, fág teachtaireacht taréis an bíp" & rí.

Cuirimid gloach ar cúpla fón gach lá agus beidh seans ag na daoine a fhreagraíonn an fón le frása Gaeilge nó go mbíonn an teachtaireacht fón i nGaeilge duais deas a bhuchaint ón scoil. Bain triail as, níl ann ach píosa spóirt agus táim cinnte go mbeidh na páistí an-sásta cuidiú libh!

Níl mé anseo, fág teachtaireacht

Conas atá tú?



Dia dhuit, Seán anseo

Hi, níl mé ar fáil,

Dia dhuit, Máire anseo, fág teachtaireacht

*As part of seachtain na Gaeilge we would love it if the parents of the school would answer the telephone with a greeting 'as Gaeilge' ie "Dia dhuit", "Conas atá tú?" etc. and that the message minders on your mobile phones would also be as Gaeilge ie "Máire anseo, níl mé ar fáil, fág teachtaireacht", "Brón orm, tá mé gafa, fág teachtaireacht", "Dia dhuit Seán anseo, fág teachtaireacht taréis an bíp" etc.*

*We will make several phone call every day and anyone who answers their phone 'as Gaeilge' or has a message minder 'As Gaeilge' will be in with a chance of winning a nice prize from the school. Go on give it a go, it's just a bit of fun and I'm sure your children will be more than happy to help and encourage you with this task!*

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Leathanach 2

Feis Rince Scoile School Feis



Cói-neartú  
Confirmation

Guímíd gach ádh ar dhaltaí R6 a bheidh ag glacadh Sacraimint an Chóineartaithe ar an Aoine an 11 Márta. Beidh an searmanas ar siúl i Séipéal Mhuire, Ath an Ghainimh ag 11am. Cuirfidh tuistí R5 cupán tae & sóláistí ar fáil dóibh i halla na scoile i ndiaidh an tsearmanais .

*We would like to wish daltaí R6 all the best on Friday the 11th March Friday when they will receive the Sacrament of Confirmation. The ceremony will take place in St Mary's Church, Sandyford at 11.00am. The parents of R5 are organising tae & refreshments for the pupils and their families in the school hall afterwards .*



Bhí Feis Rince againn sa scoil an tseachtain seo chaite. Bhí gach rang ó R1 ar aghaidh páirteach sa bhfeis. Bhí rince fóirne agus rince aonair le déanamh ag gach dalta. Cor beirte a bhí le rince ag daltaí R1 agus rince fóirne ochtar ar nós Soláistí na Bealtaine & Caidhp an Chúil Aird a bhí le rince ag na ranganna eile. Rinne gach duine an ríl éascaí a rince freisin. Bhí an-chaighdeán rinceoirí i measc na ndaltaí agus gach duine ag déanamh a ndícheal ar son ár múinteoir rince álainn Nuala Ní Eichaidh. B'í iníon le Nuala, Joanne Gayda gur múinteoir rince í i Meiriceá a bhí mar mholtóir ar an bhfeis. Bhí Nuala agus an príomhoide an-bhródúil as gach duine ar an lá. Maith sibh a pháistí.



*An Irish Dancing Feis was held in the school last week. All pupils from R1 onwards competed in the feis. Each pupil had to perform a group dance and a solo dance. R1 danced the Two hand Reel and all the other classes danced eight hand dances like The Suites of May and the High Called Cap. Everyone also danced the reel as their solo dance. The standard of dancing was extremely high with all the pupils doing their best for their lovely múinteoir Nuala Ní Eochaidh. Joanne Gayda, Nuala's daughter who is a dance teacher in the States adjudicated the competition. Both Nuala & the Príomhoide were extremely proud of all the pupils on the day. Maith sibh a pháistí!*



## Máirt na hIníde Shrove Tuesday

Baillíodh **€1,200** ar son Clár Oideachais na mBan i Zambia tré phancóga a dhiol sa scoil ar Mháirt na hIníde. Beidh triúir iar-scoláirí de chuid na scoile, Aoife Ní Ruairc, Emma Ní Uallaigh & Maeve Ní Dhómhnaill atá ag freastal ar Choláiste Íosagáin ag taisteal go Zambia i mí Meitheamh le roinnt seachtainí a chaitheamh ag cuidiú agus ag obair i scoil na mBan, Zambia. Rachaidh an t-airgead ar fad a baillíodh as na pancóga a dhiol go díreach ag Clár Oideachais na mBan, Zambia. Buíochas leis na tuismitheoirí a bhí ag déanamh & ag díol pancóga ar an lá agus buíochas leo siúd a sheol pancóga isteach chun na scoile le díol.

**€1,200** was raised In aid of **The Women's Education Programme, Zambia** by selling pancakes in the school on Shrove Tuesday. Three of our past-pupils, Aoife Ní Ruairc, Emma Ní Uallaigh & Maeve Ní Dhómhnaill who are now in Coláiste Íosagáin will be traveling to Zambia in June to work in the Women's School. All proceeds from the sale of pancakes will go directly to The Women's Education Programme, Zambia. Thanks to the parents who made and sold pancakes on the day and thanks also to those parents couldn't make it but who supplied pancakes for sale.



## Dinnéar Ceiliúrtha

Nuair a bhíomar ag tabhairt faoi imeachtaí a phleanáil le ceiliúradh a dhéanamh ar 20 bliana na scoile rith sé liom go mba dheas an rud é dá mbeadh ócáid ar leith againn do thuismitheoirí na scoile. Chuaigh mé chun cainte le Coiste na dTuistí faoi seo agus dúirt mé leo gur bhreá liom dá bhféadfadh siad oíche shóisialta/dinnéar ceiliúrtha a eagrú do thuistí na scoile - iar-thuistí agus tuistí reatha. **S'éard a theastaigh uaim ná oíche shona, spraoiúil, thaitheamhach ina ndéanfaimis ceiliúradh ar an gcairdeas, ar an gcomhluadar & ar an spiorad álainn a bhí riamh agus atá fós i measc lucht bhunaithe, tuismitheoirí & foireann na scoile.**

**B'shin díreach a rinne siad. Bheadh sé fíor-dheacair an oíche a shárú.** Bhí an-oíche go deo ag gach duine a bhí i láthair. Bhí atmaisféar fíor-álainn le sonrú a thúsce is a leag tú cos laistigh de dhoras an óstáin agus bhí sé rí-shoiléir go raibh gach éinne ann le taitheamh a bhaint as an oíche.

Míle buíochas le gach duine ar Choiste na dTuistí a chuidigh bealach amháin nó bealach eile leis an oíche íontach seo a eagrú.

Tá buíochas ar leith toillte ag Orfhlaith Déiseach agus Orla Uí Chuillinn as na huairdeanta a chloig a chaith siad ag deighleáil agus ag plé le foireann an óstáin agus ag cinntiú go mbeadh an méid is mó ar fáil againn as ár gcuid airgid. Buíochas le Julie Stóc as an obair tacaíochta ar fad a rinne sí don oíche, go speisialta ag bailiú duaiseanna agus ag díol ticéid.

Rinne sibh éacht a chailíní! Go raibh maith agaibh.



*When we were thinking about ways in which to **celebrate the school's 20th anniversary** I thought it would be lovely to organise some sort of event especially for the parents. I spoke with Coiste na dTuistí about this and said that I would love it if they would organise a social night/celebratory dinner for the parents of the school - past and present. My wishes were that it would be a happy, enjoyable, fun filled night where we would celebrate the friendships, great company and special spirit that was always there - and still is amongst the founding members, parents and staff of the school.*

***Well that's exactly what we got. It couldn't have been a better night. Everyone had an absolute ball. The atmosphere was electric, the style was 'wow', the food was top class and the company was just fantastic.***

*Buíochas to everyone on Coiste na dTuistí who was involved one way or another in organising this event. A Special and truly well deserved míle buíochas to Orfhlaith Déiseach & Orla Uí Chuillinn for the hours, day & weeks of work that they put into organising the Dinnéar Ceiliúrtha. Buíochas to Julie Stóc for all her support especially in organising spot prizes & selling tickets. You did an incredible job. Go raibh míle maith agaibh.*

## 20 Bliain ag Fás

Iar-scoláirí ón gcéad rang sa scoil  
Meán Fómhair 1995

Clíona Nic Gabhann, Neasa Ní Chonchubhair, Hannah Ní Chathmhaoil, Jade Ní Ruaidh, Ruth Ruithléis



Dinnéar Ceiliúrtha  
20 Bliana  
20th Anniversary  
Gala Dinner



Óstan Chúirt an  
Phaoraigh  
Áth na Scairbhe

Míle buíochas le  
Mary Mhic Dhomhnaill  
(Mamaí Ellen i R5B)  
a rinne an cáca íontach seo.

Thaitin sé go MÓR leis na páistí  
agus d'éirigh linn é a roinnt  
orthu ar fad!

Saoire na  
Cásca  
Easter Break



Scoil ag Dúnadh  
School Closing  
Céadaoin: Wednesday

16/03/16  
12.00 a chlog

Ath-oscailt  
Re-opening  
Luan Monday  
04/04/2016

## Cúrsaí Spóirt **Sport's Update**



Tá séasúr na hiománaíochta linn. Beidh an scoil ag glacadh páirt i léig iománaíochta & camógaíochta Chumann na mBunscol.

**Iomáint** Beidh traenáil iománaíochta ar siúl do bhuachaillí R4 go R6 gach maidin Luan roimh thosú na scoile ag 8.10am ar chlós uile-aimseara na scoile go ceann tamaillín ar aon nós. Imreofar na cluichí léige na mbuachaillí i ndiaidh am scoile ar an Déardaoin.

**Camógaíocht** Beidh traenáil camógaíochta ar siúl do chailíní R4 go R6 gach trathnóna Luan i ndiaidh na scoile ag 2.30pm ar chlós uile-aimseara na scoile go ceann tamaillín ar aon nós. Imreofar cluichí léige na gcaillíní i ndiaidh am scoile ar an gCéadaoin.

*It's hurling season. The school will be participating in the Cumann na mBunscol hurling and camogie leagues.*



**Hurling** Hurling training will take place for boys from R4 to R6 before school on Monday mornings for the time being. Training will take place on the school's all-weather yard from 8.10am onwards. Hurling matches for the boys will be played after school on Thursdays.

**Camogie** Camogie training will take place for girls from R4 to R6 after school on Monday for the time being. Training will take place on the school's all-weather yard from 2.30pm - 3.30pm. Camogie matches for the girls will be played after school on Wednesdays.



**Snámh** - Tá daltaí R2 ag freastal ar cheachtanna snámha faoi láthair agus beidh R1 ag tosú ar cheachtanna i ndiaidh na Cásca.

**Swimming** – R2 are attending swimming classes every Friday at present and R1 will start their swimming lessons after the Easter holidays.

## Buíochas ón mBanna Ceoil

Buíochas leis na múinteoirí, Eavan Ní Mhuirgheasa, Rícheal Ní Thiarnaigh, Cormac Chambers, Oisín Mac Muiris & Clíodhna Ní Leocháin as a gcuid ama agus a gcuid talainne a rinnt leis na daltaí sa bhanna ceoil. Nárbh fada buan sibh!

## Banna Ceoil Scoile School Band



Tá Banna Ceoil na scoile ag dul ó neart go neart i mbliana, le os cionn 70 páiste ag freastal ar chleachtaithe gach seachtain. Tá ceangail idir bhanna ceoil na scoile agus bannaí ceoil i ndá Ghaelscoil eile, Scoil Lorcáin i mBaile na Manach agus Gaelscoil na Cille, Cill Dhéaglán, Co. na Mí. Bhí seisiún ollmhór anseo sa scoil roimh na Nollag agus beidh an dara sheisiún ceoil ar siúl idir an 3 scoil ar an Aoine seo an 4 Feabhra i nGaelscoil na Cille.

Beidh seachtain an-ghnóthach ag an mbanna ceoil an tseachtain seo mar go mbeidh siad ag dul ar an stáitse san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamlacht ar an Déardaoin seo an 3ú Márta ag 10.30am mar chuid de Chórfhéile na Scoileanna. Beidh píosaí ceoil cóirithe á chur i láthair ag an mbanna agus tá a lán cleachtaidh déanta ag ár gceoltóirí le cúpla seachtain anuas. I measc na bhfonn a sheinnfidh siad beidh Máirseáil Uí Shúilleabháin, Kelly the Boy from Killann, The Foggy Dew, & Peigin Leitir Mór.

*The school's banna ceoil is going from strength to strength with over 70 children attending rehearsals every week. The band has joined up with bands in 2 other Gaelscoileanna, Scoil Lorcáin in Monkstown & Gaelscoil na Cille in Ashbourne. A music session was held between the 3 schools here in Taobh na Coille before Christmas and a second session will be held this coming Friday in Gaelscoil na Cille.*

*The banna ceoil have an extremely busy week ahead as they will also be taking to the stage in the National Basketball Arena in Tallaght on Thursday the 3rd of March at 10.30am as part of Córffhéile na Scoileanna. They will play several pieces of arranged tunes which will include Máirseáil Uí Shúilleabháin, Kelly the Boy from Killann, The Foggy Dew, & Peigin Leitir Mór.*

